

Cad atá i ndán don rialtas?

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi na cainteanna atá ar siúl idir na páirtithe polaitíochta. Tá na páirtithe ag plé conas is féidir dul i ngleic le fadhbanna sóisialta na sochaí sa lá atá inniu ann. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí liosta de na fadhbanna sin.



Ceist 2

Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat brí na bhfocal/na bhfrásaí seo a aimsiú?

1. athrú aeráide
2. geilleagar
3. lucht tacaíochta
4. aghaidh a thabhairt ar
5. drochthuilte
6. slógaí
7. cáinte
8. imeaglú
9. daoine a chur ar an eolas
10. conas atáimid ag iarraidh sin a bhaint amach

Féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 3

Féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceisteanna seo thíos:

1. Cad a phléigh Leo Varadkar agus Micheál Martin?
2. Cad a bhí na Teachtaí Dála ag déanamh i dTeach Laighean inniu?
3. Cad a bhí an grúpa nua teicniúil ag iarraidh a fháil amach, de réir cheannaire Aontú?
4. Cá raibh Mary Lou McDonald agus cad a dúirt sí?
5. Cad atá á reáchtáil ag Sinn Féin ar fud na tíre?
6. Cad a bhí le rá ag Donnchadh Ó Laoghaire?

- Ceist 4** An aimsir fháistineach
- A. Éist leis an mír arís agus breac síos gach sampla den aimsir fháistineach a chloiseann tú inti.
- B. Bain úsáid as na briathra – tóg, imigh, foghlaim agus sábháil – chun na rialacha a bhaineann leis an aimsir fháistineach a chur in iúl.

- Ceist 5** Féach ar na nithe seo a bhí le cloisteáil sa mhír. An féidir leat cúis an uraithe a mhíniú?

- i **m**bun
- i **d**Teach Laighean
- an **m**beidh
- go **m**beidh
- ag an **b**páirtí

- Ceist 6** Samhlaígí go bhfuil sibh ag obair don chéad rialtas eile. Féachaigí ar na fadhbanna sóisialta agus eacnamaíochta thíos agus cuirigí in ord tosaíochta iad, trí uimhir a haon a chur leis an bpointe is tábhachtaí agus mar sin ar aghaidh.

- An córas sláinte
- An geilleagar
- An Ghaeilge agus an Ghaeltacht
- An t-athrú aeráide
- An Tuaisceart
- Breatimeacht
- Cúrsaí oideachais
- Cúrsaí tithíochta agus cíosa
- Fadhb na ndrugaí
- Na bóithre

Bígí in ann a rá cén fáth ar roghnaigh sibh amhlaidh.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tabhair deis do gach beirt liosta a dhéanamh de na fadhbanna sóisialta sa tír. Pléigh na liostaí ar fad leis an rang iomlán ansin.

Ceist 2

- | | |
|-----------------------------------|---|
| 1. climate change | <i>athrú aeráide</i> |
| 2. economy | <i>geilleagar</i> |
| 3. base/supporters | <i>lucht tacaíochta</i> |
| 4. head for (in the direction of) | <i>aghaidh a thabhairt ar</i> |
| 5. bad floods | <i>drochthuilte</i> |
| 6. rallies | <i>slógaí</i> |
| 7. criticised | <i>cáinte</i> |
| 8. intimidation | <i>imeaglú</i> |
| 9. inform people | <i>daoine a chur ar an eolas</i> |
| 10. how we want to achieve that | <i>conas atáimid ag iarraidh sin a bhaint amach</i> |

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

A.

An mbeimid...

Go mbeimid....

Beidh...

<p>Tóg tógfaidh mé/tú/sé/sí tógfaimid tógfaidh sibh/siad</p> <p>An dtógfaidh...? Tógfaidh/Ní thógfaidh</p>	<p>Imigh imeoidh mé/tú/sé/sí imeoimid imeoidh sibh/siad</p> <p>An imeoidh...? Imeoidh/Ní imeoidh</p>
<p>Foghlaim foghlaimoidh mé/tú/sé/sí foghlaimoimid foghlaimoidh sibh/siad</p> <p>An bhfoghlaimoidh...? Foghlaimoidh/Ní fhoghlaimoidh</p>	<p>Sábháil sábhálfaidh mé/tú/sé/sí sábhálfaimid sábhálfaidh sibh/siad</p> <p>An sábhálfaidh...? Sábhálfaidh/Ní shábhálfaidh</p>

Ceist 5

i **mbun** – *cuirtear urú ar ainmfhocal dar tús consan tar éis i.*

i **dTeach Laighean** – *cuirtear urú ar ainmfhocal dar tús consan tar éis i.*

an **mbeidh** – *leanann urú an mhír cheisteach ‘an’ san aimsir fháistineach.*

go **mbeidh** – *cuirtear urú ar an mbriathar i ndiaidh na gcónasc agus na míreanna briathartha.*

ag an **bpáirtí** – *cuirtear urú ar an ainmfhocal a leanann réamhfhocal simplí agus an t-alt i gcanúint Chonnacht agus i gcanúint na Mumhan.*

Ceist 6

Is féidir na foghlaimoírí a chur ag plé na bhfadhbanna seo i mbeirteanna. Pléigh na tuairimí a bhí ag an rang iomlán ansin.

Eimear Ní Chonaola

Bhí cruinniú ag Micheál Martin, ceannaire Fhianna Fáil, agus ag Leo Varadkar, ceannaire Fhine Gael tar éis am dinnéir inniu. Phléigh siad cúrsaí tithíochta, sláinte, chomh maith le hathrú aeráide agus an geilleagar. Níos luaithe, chosain uachtarán Shinn Féin, Mary Lou McDonald na cruinnithe poiblí atá á reáchtáil do lucht tacaíochta an pháirtí.

Sorcha Ní Riada

Bhí Teachtaí Dála i mbun cruinnithe i dTeach Laighean inniu agus iad ag leanúint ar aghaidh leis na hiarrachtaí comhrialtas a chur ar bun. Bhuail baill den ghrúpa nua teicniúil atá curtha le chéile ag an Teachta Dála, Denis Naughten le Leo Varadkar ar maidin agus le Micheál Martin tráthnóna.

Peadar Tóibín, TD, Ceannaire Aontú

Agus, tá siad ag iarraidh fáil amach an bhfuil rialtas, saghas buan-rialtais in ann a bheith curtha i bhfeidhm i ndáiríre, mar níl gach páirtí fós sásta a rá go bhfuil siad ag iarraidh a bheith i rialtas. Agus sin an chéad rud atáimid ag iarraidh fáil amach. An mbeimid in ann rialtas saghas *stable* a chur i bhfeidhm sa toadhcháil. Agus, an dara rud, go mbeimid in ann polasaí a chur i bhfeidhm freisin.

Sorcha Ní Riada

Níos luaithe, thug ceannaire Shinn Féin, Mary Lou McDonald, aghaidh ar (Bhaile) Átha Luain, áit a bhfuil drochthuilte ann.

Mary Lou McDonald, Uachtarán Shinn Féin

Bhuel, tá cainteanna ar siúl inniu idir Sinn Féin agus an Comhaontas Glas agus beidh cainteanna eile idir Sinn Féin agus na Social Democrats¹, Solidarity – People Before Profit² agus na Teachtaí Dála Neamhspleácha. Agus, tá an-jab le déanamh againn ach, tá seans againn rialtas nua a chur chun cinn.

Sorcha Ní Riada

Aréir bhí an chéad chruinniú i sraith slógaí atá á reáchtáil ag Sinn Féin timpeall na tíre, ar siúl i gCorcaigh. Tá na cruinnithe cáinte go láidir ag ceannaire Fhine Gael, Leo Varadkar, ag rá gur imeaglú a bhí ar bun ag an bpáirtí.

Donnchadh Ó Laoghaire, TD, Sinn Féin

Agus táimid ag iarraidh daoine a chur ar an eolas freisin. Táimid dírithe ar a bheith i rialtas. Sin é an vóta a fuairamar le bheith i rialtas agus táimid ag cur daoine ar an eolas faoi conas atáimid ag iarraidh sin a bhaint amach; agus conas atá ag éirí linn.

Beidh cruinniú eile ag Sinn Féin i mBaile Átha Cliath anocht.

Sorcha Ní Riada, Nuacht TG4 i dTeach Laighean.

¹ na Daonlathaigh Shóisialta

² Dlúthpháirtíocht-Pobal Seachas Brabús